Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

# Straitéis Inbhuanaitheachta

*Foghlaim-Mair-Spreag*

2026–2030



OllscoilnaGaillimhe.ie

# Comhpháirtíocht Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile




*An tAistriú go Todhchaí Inbhuanaithe a Threorú*



*Foghlaim-Mair-Spreag*

# Clár Ábhair


| | |
|---|---|
| An tAistriú go Todhchaí Inbhuanaithe a Threorú | 4 |
| Straitéis Inbhuanaitheachta Ollscoil na Gaillimhe | 7 |
| Ráiteas Cuspóra | 8 |
| Creat & Réimsí Gnímh | 9 |
| 1. Taighde & Nuálaíocht | 10 |
| 2. Teagasc, Foghlaim & Measúnú | 12 |
| 3. Fuinneamh & Foirgnimh | 14 |
| 4. Taisteal | 16 |
| 5. Dúlra & Éiceachórais | 18 |
| 6. An Geilleagar Ciorclach | 20 |
| 7. Soláthar | 23 |
| 8. Sláinte & Folláine | 24 |
| 9. Rannpháirtíocht & Ceannaireacht | 26 |
| 10. Rialachas & Tuairisciú | 28 |
| Méadracht | 30 |

# An tAistriú go Todhchaí *Inbhuanaithe a Threorú*

**In Ollscoil na Gaillimhe, tá an inbhuanaitheacht lárnach dár gcuspóir agus dár bhféiniúlacht. Múnlaíonn an inbhuanaitheacht an chaoi a mbímid ag teagasc, ag foghlaim, i mbun taighde, ag obair agus i mbun rannphháirtíochta. Tá Straitéis Inbhuanaitheachta Ollscoil na Gaillimhe 2026-2030 bunaithe ar dheich mbliana de thiomantas agus de cheannaireacht institiúide agus leagtar síos treo athnuaite d'ollscoil atá neodrach ó thaobh carbóin de, dearfach i leith an dúlra agus folláin. Tugtar léargas ar ár dtuairim go bhfuil an cumas agus an fhreagracht ar ollscoileanna a bheith chun cinn maidir le hathrú claochlaitheach don duine agus don phláinéad.**

Tá an Straitéis seo fréamhaithe inár bPlean Straitéiseach institiúideach – *Lonnaithe i nGaillimh, ag freastal ar an Domhan Mór* – ina léirítear cuspóir foriomlán na hOllscoile 'a chur ar chumas ár bpobail féin tionchar a bheith aige ar an domhan trí chéile trí thaighde sainiúil, oideachas eisceachtúil agus eispéiris spreagúla do mhic léinn'. Tagann sin lenár bpríomhluachanna mar atá meas, oscailteacht, barr feabhais, muintearas agus inbhuanaitheacht, agus lenár n-aidhm chomhchoiteann 'a chur ar ár gcumas tionchar chomh dearfach agus is féidir a bheith againn ar mhaithe le pobal na hOllscoile agus lenár gcomhpháirtithe i nGaillimh, in Éirinn agus ar fud na cruinne'.

Mar Ollscoil Ambasadóra do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, leanfaidh Ollscoil na Gaillimhe ag cur na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) chun cinn agus iad a leabú inár misean, inár gcultúr agus inár gcleachtas. Aithnítear sinne go hidirnáisiúnta mar cheannairí maidir leis na SDGanna a neadú inár gcláir agus in eispéireas an champais. Le linn a gcuid ama i nGaillimh forbraíonn ár gcuid mac léinn an t-eolas, na scileanna agus na heispéiris chun dul i ngleic le dúshláin dhomhanda agus chun an t-aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe a threorú.

Tá Straitéis Inbhuanaitheachta Ollscoil na Gaillimhe 2026-2030 ag teacht sna sála ar Straitéis Inbhuanaitheachta 2021-2025, straitéis inar leagadh bunús láidir do ghníomh agus don fhreagracht i ngach uile ghné de shaol na hollscoile. Leis an straitéis sin, neadaíodh an inbhuanaitheacht i rialachas, in oibríochtaí, i dteagasc, i dtaighde agus i rannphháirtíocht, agus treisíodh an seasamh atá againn mar cheannaire náisiúnta agus idirnáisiúnta sa réimse.

Ag tógáil ar an dul chun cinn sin, is caibidil nua atá sa chéim idir 2026 agus 2030 inár n-aistear inbhuanaitheachta, áit a gcuirfimid tuilleadh fós lenár n-uaillmhian agus a leathnóimid an tionchar a bheidh againn.




Déanann Ollscoil na Gaillimhe ceiliúradh as an tríú Brat don Champas Glas de chuid An Taisce a fháil le linn Sheachtain SDG 2025



# Straitéis Inbhuanaitheachta Ollscoil na Gaillimhe 2026-2030


**Tá Straitéis Inbhuanaitheachta Ollscoil na Gaillimhe 2026-2030 mar bhonn taca ag ár samhail Foghlaim-Mair-Spreag agus nasctar oideachas, taighde agus oibríochtaí le fíorthionchar ar an saol mór. Tugann an cur chuige seo acmhainn don phobal gníomhú ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht agus ullmhaítear an chéad ghlúin eile de cheannairí agus de lucht nuálaíochta chun todhchaí inbhuanaithe a mhúnlú.**

Cuimsítear sa Straitéis seo deich réimse fócais atá idirnasctha: taighde agus nuálaíocht; teagasc, foghlaim agus measúnú; fuinneamh agus foirgnimh; taisteal; an dúlra agus éiceachórais; an geilleagar ciorclach; soláthar; sláinte agus folláine; rannpháirtíocht agus ceannaireacht; agus rialachas agus tuairisciú. Le chéile, is ionann na deich réimse sin agus treochlár iomlánaíoch chun ollscoil neodrach ó thaobh carbóin de, atá dearfach ó thaobh an dúlra de agus atá folláin a bhaint amach, ár dtreorú chun inbhuanaitheacht agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chomhtháthú i ngach uile ghné den chaoi a bhfoghlaimímid, a mairimid agus a mbímid i gceannas.

Tá an Straitéis seo ag teacht le creatlacha náisiúnta agus earnála, lena n-áirítear Sainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí agus Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Chearta an Duine, agus cinntítear go gcuireann ár ngníomhartha ceartais aeráide, cuimsithe agus folláine chun cinn mar spriocanna idirnasctha. Mar ollscoil dhátheangach, aithnímid éiceachóras na Gaeilge agus pobal na Gaeilge mar naisc bheo idir cultúr, foghlaim agus dúlra ina múnlaítear an chaoi a bhfoghlaimímid, a mairimid agus a dtreoraímid ar mhaithe le todhchaí inbhuanaithe.

Trí chomhpháirtíocht, nuálaíocht agus rannpháirtíocht, leanfaimid orainn ag obair i gcomhar le mic léinn, le comhaltaí foirne, le pobail, leis an rialtas agus leis an tionscal, ag neartú ról na Gaillimhe mar shaotharlann bheo don inbhuanaitheacht agus mar spreagadh do thionchar réigiúnach, náisiúnta agus domhanda. Ag obair as lámha a chéile, cuirfimid réitigh chlaochlaitheacha ar fáil a cheanglóidh gníomh áitiúil le hathrú domhanda.

Leagtar amach i Straitéis Inbhuanaitheachta Ollscoil na Gaillimhe 2026-2030 ár gcosán i gcomhar do na blianta atá romhainn, cosán a bheidh ag cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo agus a léireoidh ár dtiomantas a bheith mar ollscoil atá *Lonnaithe i nGaillimh, ag freastal ar an Domhan Mór.*



# *Ráiteas* Cuspóra

Is é cuspóir na straitéise seo a chinntiú go *bhfoghlaimíonn, go maireann agus go spreagann* Ollscoil na Gaillimhe an inbhuanaitheacht i ngach uile ghné de mhisean na hollscoile.



**Déanfaimid na nithe seo a leanas:**

***Foghlaimeoimid*** trí inbhuanaitheacht agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a leabú inár gcuid taighde, inár gcláir oideachais ar fad agus san eispéireas campais;

***Mairfimid*** trí oibriú le chéile ar mhaithe le campas a bheidh neodrach ó thaobh carbóin de, agus a bheidh dearfach i leith an dúlra agus sláintiúil; agus

***Spreagfaimid*** trínár rannpháirtíocht le comhpháirtithe pobail a threisiú go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, ar mhaithe le hathruithe dearfacha a ghríosadh agus a roinnt.

Is iarracht i gcomhar atá anseo idir mic léinn, comhaltaí foirne agus comhpháirtithe sa phobal, iarracht a chomhordaítear trí Chomhpháirtíocht Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile (CUSP).

# Creat & Réimsí Gnímh

**Foghlaim**
- Taighde & Nuálaíocht
- Teagasc, Foghlaim & Measúnú

**Mair**
- Fuinneamh & Foirgnimh
- Taisteal
- Dúlra & Éiceachórais
- Soláthar
- Geilleagar Ciorclach
- Sláinte & Folláine

SDG AMBASSADOR **Spreag**
- Rannpháirtíocht & Ceannaireacht
- Rialachas & Tuairisciú








# 1. Taighde & Nuálaíocht

**I ré ina bhfuil an domhan ag athrú ó bhonn, tá taighde agus nuálaíocht riachtanach chun na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a bhaint amach. Tá freagracht ar leith ar ollscoileanna eolas a chruthú ina dtugtar aghaidh ar na dúshláin is mó atá sa tsochaí, mar atá athrú aeráide, sláinte, comhionannas agus claochlú digiteach. Trí thaighde, cuireann ollscoileanna eolas ar fáil a bheidh mar bhonn do pholasaithe, cuireann siad leis an tuiscint atá againn ar ábhair agus gineann siad an fhianaise agus na réitigh a bhíonn riachtanach chun forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Cuireann an nuálaíocht leis an mbunús sin, claochlaítear smaointe agus fionnachtana ina ngníomhartha praiticiúla, inscálaithe a spreagann an t-athrú atá riachtanach do thodhchaí inbhuanaithe.**

In Ollscoil na Gaillimhe, aithnítear inár bPlean Straitéiseach – *Lonnaithe i nGaillimh, ag freastal ar an Domhan Mór* an ról lárnach atá ag taighde agus nuálaíocht i mbaint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Cuirtear ina luí orainn tairbhe a bhaint as na láidreachtaí sin ar mhaithe le leas an phobail. Inár gclár oibre inbhuanaitheachta tá an taighde agus an nuálaíocht ag croílár an chaoi a bhfoghlaimímid, a mairimid agus a spreagaimid. Baintear leas as eolas, cruthaitheacht agus nuálaíocht chun réitigh don saol mar atá a sheachadadh a fheabhsaíonn an saol, a neartaíonn ár bpobail agus a chothaíonn ár bpláinéad.

Cothóidh Ollscoil na Gaillimhe taighde atá idirdhisciplíneach agus trasdisciplíneach, atá dírithe ar mhisean agus atá ag teacht leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus doimhneoidh an Ollscoil comhoibrithe le comhpháirtithe go háitiúil, go náisiúnta agus ar fud an domhain. Neadóimid prionsabail na hinbhuanaitheachta feadh ár n-éiceachórais nuálaíochta, lena n-áirítear saotharlanna, ionaid taighde, gorlanna mac léinn, cláir fiontair agus saotharlanna beo. Tugann na spásanna sin mic léinn, lucht taighde agus comhpháirtithe sa phobal le chéile chun réitigh a chruthú le chéile le haghaidh todhchaí níos inbhuanaithe.

**Gníomhartha Straitéiseacha:**

1. **Taighde agus na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe:** Tacóimid le lucht taighde agus le hinstitiúidí chun ailíniú a gcuid oibre leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a mhapáil, a mhéadú agus a chur in iúl.
2. **Taighde inbhuanaithe:** Cuirfimid Cairt Taighde Inbhuanaithe i bhfeidhm, lena n-áirítear dearadh taighde inbhuanaithe, obair allamuigh, taisteal, soláthar agus oibríochtaí saotharlainne.
3. **Fiontraíocht agus nuálaíocht:** Cuirfimid le fiontraíocht agus nuálaíocht ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht trí éiceachóras nuálaíochta na hOllscoile.
4. **Comhoibriú idirdhisciplíneach agus trasdisciplíneach:** Cuirfimid tograí atá dírithe ar mhisean chun cinn a nascfaidh disciplíní agus earnálacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin chasta dhomhanda.
5. **An campas mar shaotharlann bheo:** Cuirfimid taighde i bhfeidhm chun réitigh inbhuanaithe a thástáil agus a mheas feadh na hollscoile agus i gcomhpháirtíocht leis an bpobal i gcoitinne.
6. **Comhpháirtíochtaí domhanda le haghaidh tionchair:** Treiseoimid rannpháirtíocht trí chomhghuaillíochtaí straitéiseacha (e.g. ENLIGHT) chun cur le raon agus tionchar domhanda ár dtaighde agus ár nuálaíochta.




*Foghlaim-Mair-Spreag*

# SDGanna Gaolmhara




**Ábhartha do na SDGanna uile*

# Méadracht

1.1 Aschuir thaighde agus nuálaíochta atá ag teacht leis na SDGanna

1.2 An líon daoine atá i mbun cúrsaí fiontraíochta agus nuálaíochta

# 2. Teagasc, Foghlaim & Measúnú

**Tá oideachas mar bhunús don fhorbairt inbhuanaithe. Ar fud an domhain, iarrtar sa chreat Oideachas le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe de chuid UNESCO (*ESD do 2030*) ar gach foghlaimeoir, i ngach réimse staidéir, an t-eolas, na scileanna, na luachanna agus na dearcthaí a shealbhú d'fhonn domhan níos cothroime agus níos inmharthana a thógáil. In Ollscoil na Gaillimhe, táimid tiomanta a chinntiú gur féidir le gach céimí cur leis an bhfís seo. Faoi threoir ag ár bPlean Straitéiseach: Lonnaithe i nGaillimh, ag freastal ar an Domhan Mór agus ag ár samhail Foghlaim–Mair–Spreag, tá an inbhuanaitheacht agus na príomhinniúlachtaí don inbhuanaitheacht á leabú againn inár gcláir go léir. Cuirtear ar chumas ár gcuid mac léinn foghlaim trí thaithí a fháil, trí mhaireachtáil de réir a gcuid luachanna agus trí bheith chun tosaigh maidir le hathrú dearfach a dhéanamh ina bpobail agus ina ngairmeacha beatha. Is é an cur chuige atá againn ná foghlaim ó thaithí agus a bheith cuimsitheach, an fhoghlaim sa seomra ranga a cheangal le rannpháirtíocht sa phobal agus ár gcampas a úsáid mar shaotharlann bheo don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú atá dírithe ar inbhuanaitheacht.**




*Áirítear na nithe a leanas sa chur chuige atá againn:*

- *Litearthacht Dúlra:* a bheith ag foghlaim faoin dúlra, folláine mheabhrach a bhaint as bheith sa dúlra agus gníomhú ar mhaithe lena chosaint. (Wise et al, 2023)
- *An Curaclam a Dhíchoilíniú:* ag cur leis an méid a mhúintear agus an chaoi a múintear é chun guthanna agus peirspictíochtaí éagsúla a bheith san áireamh agus aitheantas a thabhairt don chaoi ar mhúnlaigh stair agus cumhacht an t-eolas atá againn. (Tikly, 2025)
- *An Curaclam a Dhícharbónú:* ag athrú conas agus cad a fhoghlaimítear ionas go dtugann an t-oideachas aghaidh go dóthanach ar ghéarchéim na haeráide agus ar an éigeandáil éiceolaíoch agus go n-ullmhaítear mic léinn ina leith. (Vanderbauwhede, 2022)
- *Ollscoil Dhátheangach:* an Ghaeilge a aithint mar léiriú beo ar ár gcultúr, ar ár bhféiniúlacht agus ar an nasc atá againn lenár n-áit, agus ár stádas dátheangach san oideachas inbhuanaitheachta a léiriú. Cuimsíonn an cur chuige seo an Ghaeilge mar chuid lárnach den ómós áite agus an curaclam á dhícharbónú tríd an litearthacht inbhuanaitheachta agus an litearthacht dúlra a threisiú agus trí cheangal leis an Eolas Éiceolaíochta Traidisiúnta (TEK). Aithnítear éiceachóras na Gaeilge mar phobal cultúir agus teanga bríomhar laistigh den Ollscoil, den Ghaeltacht agus ar fud na hÉireann, agus an pobal teanga mar chuid lárnach de. Ceanglaíonn éiceachóras na Gaeilge daoine, an cultúr agus an áit, tugtar eolas comhroinnte, taithí saoil agus léargais áitiúla le chéile agus nasctar teanga, bithéagsúlacht agus an inbhuanaitheacht.

**Gníomhartha Straitéiseacha:**

1. **Inniúlachtaí Inbhuanaitheachta a neadú i ngach clár:** Neadófar an inbhuanaitheacht agus príomhinniúlachtaí don inbhuanaitheacht i ngach clár oideachais.
2. **Cur le hAcmhainn Foirne:** Cuirfimid oiliúint, ceardlanna agus forbairt ghairmiúil ar fáil don fhoireann maidir leis an inbhuanaitheacht, lena n-áirítear forbairt agus athdhearadh ar churaclam ag baint úsáid as oideolaíocht ESD.
3. **Litearthacht Inbhuanaitheachta agus Dúlra a Chur Chun Cinn:** Neadófar litearthacht inbhuanaitheachta agus litearthacht dúlra ar fud na hOllscoile.
4. **An Curaclam a Dhíchoilíniú agus a Dhícharbónú:** Leanfaimid orainn de phróiseas a leabú chun an curaclam a dhíchoilíniú agus a dhícharbónú.
5. **Saotharlann Bheo don Fhoghlaim:** Bainfimid leas as an gcampas agus as an bpobal áitiúil mar spásanna don fhoghlaim fheidhmeach, do réiteach fadhbanna agus don nuálaíocht ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht.
6. **Comhchuraclam:** Déanfaimid foghlaim inbhuanaitheachta chomhchuraclaim a chomhtháthú in eispéireas níos leithne na mac léinn, lena n-áirítear deiseanna níos mó trí shuaitheantais dhigiteacha, intéirneachtaí, Seachtain SDG agus foghlaim seirbhíse.
7. **Lasmuigh den Champas:** Oibreoimid le comhpháirtithe sa phobal chun foghlaim inbhuanaitheachta a chur ar fáil lasmuigh den champas. .



*Foghlaim-Mair-Spreag*

# SDGanna Gaolmhara




**Ábhartha do na SDGanna uile*

# Méadracht

2.1 Céatadán na gclár atá ag teacht leis na SDGanna

2.2 An líon foirne atá ag tabhairt oiliúint inbhuanaitheachta / ESD chun críche





# 3. Fuinneamh & Foirgnimh

**Tá Ollscoil na Gaillimhe, lenár bPolasaí Fuinnimh, tiomanta an tionchar atá againn ar an gcomhshaol a laghdú oiread agus is féidir agus é a chaomhnú ar mhaithe le glúin an lae inniu agus na glúnta atá le teacht. Glacaimid, mar Ollscoil, ról eiseamláireach agus leanaimid de bheith ag comhlíonadh agus ag sárú na riachtanas a bhaineann le Sainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí agus leis an gcaighdeán ISO50001:2018 maidir le Córais Bainistíochta Fuinnimh. Táimid tiomanta do pholasaí maidir le measúnú agus feabhsúchán leanúnach ar ár bhfeidhmíocht fuinnimh. Déantar liosta dinimiciúil de phleananna gnímh caomhnaithe fuinnimh agus athbhreithnithe rialta ar bhainistiú fuinnimh chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun atá á dhéanamh againn i mbaint amach ár gcuspóirí agus ár spriocanna.**

Leagtar amach i dTreochlár Gníomhaíochta Aeráide Ollscoil na Gaillimhe an dul chun cinn atá déanta againn maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) agus spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh go dtí seo agus an bealach chun cinn go dtí 2030 agus ina dhiaidh sin. Faoi 2030, tá sé mar aidhm againn ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha a laghdú 75% (in aghaidh ár mbonnlíne reachtúla). Táimid ag cur plean gnímh lánchostaithe le chéile chun aistriú go campas saor ó charbón as seo go ceann deich mbliana. Braithfidh sé sin ar mhaoiniú leanúnach i gcothabháil, i dtionscadail agus in athrú iompair.

**Gníomhartha Straitéiseacha:**

1. **Astaíochtaí GCT:** Laghdóimid astaíochtaí gás ceaptha teasa, sáróimid spriocanna poiblí agus bogfaimid go huaillmhianach i dtreo neodracht charbóin* trí thionscadail ar nós téamh ceantair agus feirm ghrian-fhótavoltach, ag brath ar infheistíocht.
2. **Cothabháil:** Déanfaimid cothabháil choisctheach phleanáilte ar chórais mheicniúla agus leictreacha agus ar chreatlacha foirgnimh chun éifeachtúlacht agus teacht aniar fuinnimh a fheabhsú.
3. **Éifeachtúlacht Fuinnimh:** Feabhsóimid éifeachtúlacht fuinnimh freisin trí fhoirgnimh a iarfheistiú agus feachtais a reáchtáil a bheidh dírithe ar athrú iompair.
4. **Foinsí In-athnuaite:** Cuirfimid leis an méid leictreachais in-athnuaite a ghintear ar an gcampas trí fhuinneamh gréine agus hidrileictreach, mar shampla.

*Féach Cuid 10. Rialachas & Tuairisciú



*Foghlaim-Mair-Spreag*

# SDGanna Gaolmhara




**SDGanna ábhartha aibhsithe*

# Méadracht

3.1 Astaíochtaí gás ceaptha teasa díreacha (Scóip 1 & 2)




# 4. Taisteal

**Tacaíonn Ollscoil na Gaillimhe le smaointeoireacht agus pleanáil straitéiseach, fhadtéarmach don réigiún, lena n-áirítear rochtain agus iompar inbhuanaithe. Tacaímid le roghanna taistil sábháilte, cothroma agus inbhuanaithe a chuireann an méid agus is féidir le rochtain ar oideachas, ar dheiseanna fostaíochta agus ar sheirbhísí agus a mbíonn tionchar dearfach acu ar shláinte agus ar fholláine. Bítear ag brath ar charranna chun taisteal chuig an gcampas: léirítear inár suirbhéanna taistil go mbíonn 67% den fhoireann agus 30% de mhic léinn ag tiomáint chuig an gcampas, agus tá méadú suntasach tagtha ar achar taistil na mac léinn le blianta beaga anuas.**

Mar chuid dár dtiomantas chun ár lorg carbóin a laghdú agus sláinte agus folláine a fheabhsú, cuirfimid le taisteal inbhuanaithe agus gníomhach na mac léinn agus na foirne trí Phlean Taistil nua 2026-2030. Áireofar leis sin abhcóideacht a dhéanamh ar mhaithe le seirbhísí iompair phoiblí níos fearr chuig an gcampas, comhoibriú maidir le tionscadail infreastruchtúir a sheachadadh, feachtais phoiblíochta agus feabhas a chur ar áiseanna agus inrochtaineacht ar an gcampas. Déanfaimid ár ndul chun cinn a thomhas trí Mharc Óir a bhaint amach i Marc Taistil Níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair in áit an Mhairc Airgid atá againn faoi láthair.

Tacaíonn Ollscoil na Gaillimhe le cur chuige inbhuanaithe i leith taisteal gnó ina gcuirtear san áireamh tionchar comhshaoil an taistil, uirlisí comhoibrithe ar líne agus modhanna iompair níos ísle carbóin chun astaíochtaí carbóin a laghdú.

**Gníomhartha Straitéiseacha:**

1. **Plean Taistil:** Cuirfimid le taisteal inbhuanaithe agus gníomhach na mac léinn agus na foirne trí Phlean Taistil nua 2026-2030 a chur i bhfeidhm.
2. **Infreastruchtúr:** Tacóimid le tionscadail atá faoi stiúir na n-údarás áitiúil amhail Nasc Traschathrach BusConnects ar Bhóthar na hOllscoile, an Glasbhealach idir Gaillimh agus Uachtar Ard, Droichead Coisithe & Rothaíochta Iarnróid an Chlocháin.
3. **Marc Taistil Níos Cliste:** Bainfimid amach an Gradam Óir i Marc Taistil Níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair.
4. **Taisteal Gnó:** Oibreoimid le Coláistí agus le hAonaid chun an lorg carbóin a bhaineann le taisteal gnó a laghdú trí thacú le pleanáil aistear níos éifeachtaí.




## SDGanna Gaolmhara




**SDGanna ábhartha aibhsithe*

## Méadracht

4.1 Sciar módach taistil inbhuanaithe

4.2 Marc Taistil Níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair

4.3 Lorg carbóin an taistil gnó



# 5. Dúlra & Éiceachórais

**Tá folláine an duine agus an phláinéid i mbaol ó chailliúint na bithéagsúlachta agus ó dhíghrádú na n-éiceachóras. Éilítear go bhfuil gá le gníomh práinneach i nDeich mbliana na Náisiún Aontaithe maidir le hAthchóiriú Éiceachóras *(2021–2030)* chun an dúlra a chosaint agus a athbhunú. Faoi threoir ag ár bPlean Straitéiseach – Lonnaithe i nGaillimh, ag freastal ar an Domhan Mór agus ár dtiomantas feidhmiú mar ollscoil atá dearfach i leith an dúlra, feabhsóimid an bhithéagsúlacht ar an gcampas, cuirfimid leis an litearthacht dúlra, agus tabharfaimid daoine le chéile leis an dúlra ar mhaithe lena sláinte, leis an bhfoghlaim agus le taighde. Is éard atá i gceist againn le litearthacht dúlra, a bheith ag foghlaim faoin dúlra agus ón dúlra, díriú ar an tsláinte agus ar fholláine sa dúlra, agus gníomhú chun cabhrú leis an dúlra a chosaint (Wise et al., 2023). Tá cuid mhór dár gcampas suite laistigh de láithreáin chosanta Natura 2000 nó in aice leo, lena n-áirítear stáisiún taighde atá suite in aice le Páirc Náisiúnta, rud a thugann ceangal ar leith dúinn leis an dúlra agus le héiceachórais.**

Mar ollscoil dhátheangach, aithnímid go bhfuil an Ghaeilge ina cuid lárnach den cheangal atá againn leis an dúlra agus an ómós áite lena mbaineann. Tuigtear dúinn go bhfuil an teanga agus an dúlra mar éiceachórais atá nasctha, faoi thionchar ár bpobal Gaeltachta agus ár gcampas ar an gCeathrú Rua, i gCarna agus i nGaoth Dobhair. Bainfimid úsáid as Eolas Éiceolaíoch Traidisiúnta (TEK) agus oibreoimid leis an bpobal teanga (pobal labhartha na Gaeilge) chun naisc a neartú idir an teanga, an cultúr agus an bhithéagsúlacht.

**Gníomhartha Straitéiseacha:**

1. **Plean Gnímh Bithéagsúlachta 2026-2030:** Seachadfar gníomhartha spriocdhírithe chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú ar fud an champais.
2. **Litearthacht Dúlra:** Scrúdóimid na meicníochtaí is fearr chun an litearthacht dúlra a leabú i ngach oibríocht agus gníomhaíocht san Ollscoil.
3. **Saotharlann Bheo:** Bainfear leas as an Ollscoil mar shaotharlann bheo don dúlra.
4. **Teacht Aniar:** Cinnteoimid go mbeidh teacht aniar i ndán don dúlra, don tsláinte agus don fholláine.
5. **Comhpháirtíochtaí:** Treiseoimid comhpháirtíochtaí do thodhchaí a bheidh dearfach i leith an dúlra.
6. **Ollscoil Dhátheangach:** Bainfimid leas as éiceachóras na Gaeilge agus an pobal teanga chun tacú leis an teanga, leis an gcultúr agus leis an mbithéagsúlacht.



*Foghlaim-Mair-Spreag*

## SDGanna Gaolmhara




**SDGanna ábhartha aibhsithe*

## Méadracht

5.1 An Plean Gnímh Bithéagsúlachta a Chur i bhFeidhm




# 6. An Geilleagar Ciorclach

**Tá an t-aistriú chuig geilleagar ciorclach lárnach i gcomhlíonadh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus i gcur chun cinn an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip. Is ionann geilleagar ciorclach agus geilleagar ina mbaintear an oiread úsáide agus is féidir as acmhainní, go mbaintear an méid luach agus is féidir astu agus go mbaintear úsáid as táirgí agus ábhair go dtí go mbeidh siad ó mhaith, agus ina laghdaítear an méid dramhaíola a bhaineann leo agus ina dtacaítear le fás inbhuanaithe (ag teacht le straitéis náisiúnta na hÉireann, *an Straitéis don Gheilleagar Ciorclach*).**

In Ollscoil na Gaillimhe, aithnítear "Eagraíocht Éifeachtach agus Inbhuanaithe" mar phríomhthosaíocht inár bPlean Straitéiseach 2025–2030 – *Lonnaithe i nGaillimh, ag freastal ar an Domhan Mór*. Ag teacht leis an uaillmhian sin, táimid san Ollscoil tiomanta ár n-oibríochtaí, ár dteagasc agus ár dtaighde a ailíniú le prionsabail chiorclacha. Déanfaimid eisiamh dramhaíola a áirithiú sa dearadh, caomhnóimid acmhainní agus neadóimid cleachtais inbhuanaithe ar fud an champais chun go mbeidh an ollscoil ina sampla beo den chiorclaíocht i mbun gnímh. Leanfaimid orainn ag tacú le tionscnaimh an gheilleagair chiorclaigh ar an gcampas, lena n-áirítear ceardlann rothair na Meithle Rothar, tionscnamh athchúrsála Glassary, an Rúidbhealach Athchúrsáilte, seisiúin deisiúcháin éadaí agus siopaí malartaithe.

**Gníomhartha Straitéiseacha :**

1. **Prionsabail Chiorclacha:** Cuirfimid prionsabail maidir leis an ngeilleagar ciorclach i bhfeidhm inár n-oibríochtaí agus inár soláthar trí eisiamh dramhaíola a áirithiú sa dearadh, athúsáid, deisiú agus athchóiriú a chur chun cinn, agus athchúrsáil agus aisghabháil ábhar a fheabhsú.
2. **Plaistigh Aonúsáide:** Ag tógáil ar chomh maith agus a d'éirigh linn deireadh a chur le cupáin aonúsáide, oibreoimid le soláthróirí lónadóireachta chun fáil réidh leis na hearraí plaisteacha aonúsáide atá fós in úsáid.
3. **Úsáid Uisce:** Cuirfimid maoirseacht fhreagrach ar uisce chun cinn trí thomhas agus éifeachtúlacht níos fearr, sceitheadh uisce a laghdú, feasacht agus athrú iompraíochta chun úsáid iomlán uisce an champais a laghdú.



*Foghlaim-Mair-Spreag*

# SDGanna Gaolmhara




**SDGanna ábhartha aibhsithe*

# Méadracht

6.1 Iomlán na dramhaíola a ghintear (tonaí)

6.2 An ráta athchúrsála ar an gcampas ar fad (%)

6.3 Úsáid uisce ($m^3$)



Cur chun cinn na SDGanna le chéile - thug Curaidh Náisiúnta SDG cuairt ar Ollscoil na Gaillimhe

# 7. Soláthar

**Bíonn soláthar (earraí agus seirbhísí ceannaithe) ina shiocair le 43% de lorg carbóin iomlán Ollscoil na Gaillimhe. I gcomhréir le Sainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí, tá polasaithe soláthair inbhuanaithe agus Soláthar Poiblí Glas curtha i bhfeidhm ag Ollscoil na Gaillimhe ar fud na hOllscoile.**

Déanfaimid ár Lámhleabhar maidir le Soláthar Poiblí Inbhuanaithe a nuashonrú leis na ceanglais agus an treoir phoiblí is déanaí, agus déanfaimid gnéithe comhionannais agus chearta an duine a neadú. Is mór againn na caidrimh atá againn lenár soláthróirí agus leagtar amach i gCairt Soláthróirí Ollscoil na Gaillimhe an chaoi ar mian linn go mbeadh na caidrimh sin bunaithe ar ár luachanna. Oibreoimid lenár soláthróirí chun cur le hinbhuanaitheacht an tslabhra soláthair agus tuairisciú maidir le lorg carbóin a fheabhsú.

**Gníomhartha Straitéiseacha:**

1. **Soláthar:** Déanfaimid polasaithe soláthair inbhuanaithe a neadú ar fud na hOllscoile.
2. **Cearta an Duine:** Cuirfimid gnéithe comhionannais agus chearta an duine san áireamh sa Lámhleabhar maidir le Soláthar Poiblí Inbhuanaithe.
3. **Soláthróirí:** Oibreoimid le soláthróirí chun feabhas a chur ar chruinneas an tuairiscithe maidir le lorg carbóin an tsoláthair.

## SDGanna Gaolmhara




**SDGanna ábhartha aibhsithe*

## Méadracht

7.1 Lorg carbóin soláthair agus taistil gnó

7.2 Lámhleabhar maidir le Soláthar Poiblí Inbhuanaithe nuashonraithe a fhoilsiú, ina gcuirtear gnéithe comhionannais agus chearta an duine san áireamh




# 8. Sláinte & Folláine

**Aithnítear i gcreatlacha domhanda amhail Creat Ollscoileanna Sláintiúla na hEagraíochta Domhanda Sláinte gur féidir le hollscoileanna ról ceannródaíoch a bheith acu i gcruthú timpeallachtaí a chuireann ar chumas daoine dul chun cinn a dhéanamh go fisiciúil, go meabhrach agus go sóisialta. In Éirinn, soláthraítear i gCreat Éire Shláintiúil n comhthéacs náisiúnta agus is ionann Campas Sláintiúil agus an chairt agus an creat don ardoideachas. In Ollscoil na Gaillimhe, is freagracht chomhroinnte í an fholláine ina bhfuil gach duine inár bpobal páirteach. Aithnímid go neartaítear sláinte agus folláine nuair a oibríonn mic léinn, an fhoireann agus comhpháirtithe le chéile chun timpeallacht chuimsitheach, chomhbhách agus thacúil a chruthú.**

Faoi threoir ag ár bPlean Straitéiseach 2025–2030 – *Lonnaithe i nGaillimh, ag freastal ar an Domhan*, táimid ag cruthú cultúr campais a chuireann luach ar chomhbhá, ar cheangal agus ar chuimsiú. Cuirimid folláine choirp, mheabhrach, shóisialta agus ghnéis chun cinn, agus tuigimid go bhfuil dlúthbhaint ag sláinte phearsanta le folláine ár bpobail agus ár dtimpeallachta. Aithnímid freisin an dlúthbhaint atá idir folláine agus réimsí eile den inbhuanaitheacht, áit a dtacaíonn gníomhartha a chosnaíonn ár bpláinéad le saol níos folláine agus níos ceangailte freisin. Tríd an gcur chuige comhchoiteann sin, tá sé mar aidhm againn ollscoil a chruthú ina mothaíonn gach duine go mbaineann luach leo, go bhfuil tacaíocht ar fáil dóibh agus gur féidir leo teacht in inmhe.

**Gníomhartha Straitéiseacha:**

1. **Campas Sláintiúil:** Déanfaimid féinmheasúnú ar Chairt an Champais Shláintiúil.
2. **An Marc KeepWell:** Cuirfimid lenár leibhéal creidiúnaithe agus ratha sna gnéithe sin a bhaineann leis an inbhuanaitheacht sa Mharc KeepWell.
3. **Teacht Aniar & Imní faoin gComhshaol:** Cuirfimid leis an líon ceardlann agus acmhainní maidir le teacht aniar, cothú sláinte agus imní faoin gcomhshaol.
4. **Bia Inbhuanaithe & Folláin:** Cuirfimid bia agus deoch atá folláin, inacmhainne, orgánach, séasúrach, plandabhunaithe agus a fhaightear go háitiúil agus go heiticiúil chun cinn ar an gcampas.
5. **Timpeallachtaí Sláintiúla:** Tacóimid le campas níos sláintiúla do chách trí shláinte agus folláine a nascadh lenár ngníomhartha eile ar an timpeallacht nádúrtha agus ar an timpeallacht thógtha.



*Foghlaim-Mair-Spreag*

# SDGanna Gaolmhara




**Ábhartha do na SDGanna uile*

# Méadracht

8.1 Dul i dtreo bhaint amach stádas an Champais Shláintiúil

8.2 Leibhéal creidiúnaithe níos airde a bhaint amach don Mharc KeepWell

8.3 Céatadán de bhia ar an gcampas atá deimhnithe gur bia orgánach atá ann

8.4 Leibhéal bia inbhuanaithe agus shláintiúil



# 9. Rannpháirtíocht & Ceannaireacht

Tá rannpháirtíocht fhiúntach agus ceannaireacht chumasaithe i gcroílár gníomhaíochta inbhuanaitheachta claochlaithí. Aithnítear *i gClár Oibre 2030* na Náisiún Aontaithe agus i Straitéis Óige 2030 UNESCO go gcaithfidh daoine óga agus pobail teacht ar réitigh le chéile i dtreo todhchaí inbhuanaithe agus chóir. In Ollscoil na Gaillimhe, tá gach uile dhuine freagrach as an inbhuanaitheacht. Tríd an *gComhpháirtíocht Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile* (CUSP), cuirfimid ar chumas mic léinn, comhaltaí foirne agus comhpháirtithe pobail a bheith gníomhach agus a bheith chun tosaigh ó thaobh athrú a threorú go háitiúil, go náisiúnta agus go domhanda.



**Gníomhartha Straitéiseacha :**

1. **Comhchruthú & Comhpháirtíocht:** Beimid ag comhchruthú le mic léinn, le comhaltaí foirne agus leis an bpobal i gcoitinne, ag dearadh i gcomhar lena chéile agus ag cur tionscnaimh i gcrích trí Sheachtain na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, imeachtaí, na meáin shóisialta, láithreáin ghréasáin agus líonraí ag an leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.
2. **Cumarsáid & Infheictheacht:** Cuirfear acmhainní inbhuanaitheachta in iúl go soiléir, lena n-áirítear acmhainní dátheangacha, agus roinnfear scéalta a mbeidh tionchar acu trí ardáin dhigiteacha agus shóisialta.
3. **Rannpháirtíocht a Thomhas:** Déanfaimid céatadán na mac léinn agus na foirne atá páirteach i dtionscnaimh inbhuanaitheachta a thomhas agus méadóimid na céatadáin sin.
4. **Ceannaireacht:** Spreagfaimid ceannaireacht mac léinn maidir leis an inbhuanaitheacht trí na Gradaim Cheannaireachta Inbhuanaitheachta do Mhic Léinn, CUSP agus Suaitheantas Digiteach do Sheaimpín na Mac Léinn. Tabharfar aitheantas do cheannaireacht i measc na foirne maidir leis an inbhuanaitheacht trí ghradaim/aitheantas agus trí phoiblíocht a dhéanamh ar éachtaí.
5. **Abhcóideacht & Cuimsiú:** Beimid gníomhach i bhfeachtais maidir le ceartais aeráide, cearta an duine agus comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.
6. **Rannpháirtíocht sa Phobal:** Forbróimid deiseanna rialta agus inrochtana don phobal chun idirghníomhú le mic léinn agus le comhaltaí foirne, lena n-áirítear trí ALIVE, foghlaim seirbhíse, taighde rannpháirteach, imeachtaí agus gníomhaíochtaí eile ar an gcampas. Comhoibreoimid le hollscoileanna eile in Éirinn agus go hidirnáisiúnta ar ár dturas comhroinnte i dtreo todhchaí inbhuanaithe.

## SDGanna Gaolmhara




**Ábhartha do na SDGanna uile*

## Méadracht

9.1 An réimse a chlúdaítear leis an gcumarsáid faoin inbhuanaitheacht

9.2 An líon mac léinn agus foirne a oibríonn go deonach i ngníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach leis an inbhuanaitheacht

9.3 An líon mac léinn a bhaineann amach an suaitheantas digiteach Seaimpín na hInbhuanaitheachta



# 10. Rialachas & Tuairisciú

Tá Ollscoil na Gaillimhe tiomanta don trédhearcacht, don chuntasacht agus do dhul cinn na Straitéise Inbhuanaitheachta seo a thomhas. Déantar ár n-iarrachtaí inbhuanaitheachta a chomhordú trí Chomhpháirtíocht Inbhuanaitheachta Pobail agus Ollscoile (CUSP) agus Bord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile, agus tuairiscítear iad d'Fhoireann Bainistíochta na hOllscoile agus Údarás na hOllscoile. De réir ár bPolasaí maidir le Gníomhú Aeráide agus Inbhuanaitheacht, mar Ambasadóir SDG agus mar shínitheoir ar Chomhaontú SDG, cinnteofar go mbeidh ár mór-iarrachtaí ag teacht leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, na spriocanna agus na táscairí. Chomh maith leis sin, mar chomhlacht san earnáil phoiblí, cuireann Ollscoil na Gaillimhe Sainordú Gníomhaíochta Aeráide na hEarnála Poiblí, i bhfeidhm chomh maith le Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Chearta an Duine. Táimid tiomanta do spriocanna aeráide na hearnála poiblí a shárú chun neodracht charbóin a bhaint amach. Is iad na príomhscéimeanna tuairiscithe a mbainimid leas astu Ranguithe Tionchair Inbhuanaitheachta Times Higher Education (Tionchur THE), Córas Rianaithe, Measúnaithe agus Rangaithe Inbhuanaitheachta (STARS), Campas Glas de chuid an Taisce agus Deimhniú Saotharlainne Glaise.

**Gníomhartha Straitéiseacha:**

1. **Buiséad Carbóin:** Forbróimid córas buiséid carbóin chun neodracht charbóin a chur chun cinn san Ollscoil.
2. **Infheistíocht:** Cuirfimid an inbhuanaitheacht san áireamh i bpleanáil airgeadais agus i gcinntí infheistíochta.
3. **Saotharlanna Glasa:** Bainfimid deimhniú Saotharlainne Glaise amach maidir leis na saotharlanna ar fad ar an gcampas.
4. **Comhionannas & Cearta an Duine:** Cuirfimid an straitéis seo i bhfeidhm i gcomhréir le Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais & Chearta an Duine.
5. **Ranguithe:** Cinnteoimid aitheantas idirnáisiúnta dár gceannaireacht maidir leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaitheachta trí Ranguithe Tionchair Inbhuanaitheachta Times Higher Education.
6. **STARS:** Bainfimid rangú Platanaim amach sa Chóras Rianaithe, Measúnaithe agus Rangaithe Inbhuanaitheachta.
7. **Campas Glas:** Bainfimid an bhratach Campais Ghlais de chuid an Taisce amach maidir le téamaí breise.
8. **CUSP:** Coimeádfaimid rialachas ar CUSP agus a ghrúpaí oibre, Bord Comhairleach Inbhuanaitheachta na hOllscoile agus an tuairisciú gaolmhar.




# SDGanna Gaolmhara




**Ábhartha do na SDGanna uile*

# Méadracht

10.1 An lorg carbóin iomlán

10.2 Céatadán na saotharlann deimhnithe mar Shaotharlann Ghlas

10.3 Rangú Tionchair THE in Éirinn

10.4 Rangú STARS

10.5 # téamaí an Champais Ghlais

# Méadracht

| Príomh-mhéadracht Feidhmíochta | |
|---|---|
| 1.1 | Aschuir thaighde agus nuálaíochta atá ag teacht leis na SDGanna |
| 1.2 | An líon daoine atá i mbun cúrsaí fiontraíochta agus nuálaíochta |
| 2.1 | An céatadán clár atá ag teacht leis na SDGanna |
| 2.2 | An líon foirne atá ag tabhairt oiliúint inbhuanaitheachta / ESD chun críche |
| 3.1 | Astaíochtaí díreacha (Scóip 1 & 2) |
| 4.1 | Sciar módach taistil inbhuanaithe |
| 4.2 | Marc Taistil Níos Cliste an Údaráis Náisiúnta Iompair |
| 4.3 | Lorg carbóin an taistil gnó |
| 5.1 | 30% de na gníomhartha i bPlean Bithéagsúlachta '26 curtha i bhfeidhm |
| 6.1 | Iomlán na dramhaíola a ghintear |
| 6.2 | An ráta athchúrsála ar an gcampas ar fad |
| 6.3 | Úsáid uisce |
| 7.1 | Lorg carbóin soláthair agus taistil gnó |
| 7.2 | Lámhleabhar maidir le Soláthar Poiblí Inbhuanaithe nuashonraithe a fhoilsiú, ina gcuirtear gnéithe comhionannais agus chearta an duine san áireamh |


| Príomh-mhéadracht Feidhmíochta | |
|---|---|
| 8.1 | Stádas an Champais Shláintiúil |
| 8.2 | Leibhéal den Mharc KeepWell |
| 8.3 | Céatadán de bhia atá deimhnithe gur bia orgánach atá ann |
| 8.4 | Leibhéal bia inbhuanaithe agus shláintiúil |
| 9.1 | An réimse a chlúdaítear leis an gcumarsáid faoin inbhuanaitheacht |
| 9.2 | Céatadán na mac léinn agus foirne a bhíonn gníomhach i ngníomhaíochtaí inbhuanaitheachta |
| 9.3 | Suaitheantas digiteach bronnta ar mhic léinn |
| 10.1 | An lorg carbóin iomlán |
| 10.2 | Céatadán na saotharlann deimhnithe mar Shaotharlann Ghlas |
| 10.3 | Rangú Tionchair Times Higher Education in Éirinn |
| 10.4 | Rangú STARS |
| 10.5 | # téamaí an Champais Ghlais |

# Aguisín 1

Ag Cur i bhFeidhm Phlean Straitéiseach Ollscoil na Gaillimhe 2025–2030 *Lonnaithe i nGaillimh, Ag freastal ar an Domhan Mór*

| Gníomhartha Straitéiseacha na hOllscoile | Gníomhartha Straitéiseacha na hInbhuanaitheachta |
|---|---|
| Scála, tionchar agus clú domhanda a neartú i réimsí sainiúla barr feabhais taighde | 1.1, 1.4, 10.5 |
| An t-aistriú chuig todhchaí inbhuanaithe a threorú trí thaighde atá ábhartha go domhanda agus fréamhaithe inár gcathair agus inár réigiún | 1.1, 1.2, 1.4, 1.5, 5.3, 10.3 |
| Luas a chur le nuálaíocht, ag spreagadh fás réigiúnach agus tionchar domhanda | 1.3 |
| Ár gcaidrimh le príomhchomhpháirtithe sna hearnálacha taighde, tionscail, rialtais, chomh maith le pobail sa réigiún, a fhorbairt chun an tionchar is dearfaí a imirt | 1.1, 1.6, 5.5, 9.8 |
| Oideachas den scoth a sholáthar atá bunaithe ar ár dtaighde | 2.2, 2.4 |
| Mic léinn a chumasú lena n-aistear foghlama a chomhchruthú trí eispéireas iomlánaíoch mac léinn | 2.6, 5.6, 8.3, 9.4 |
| Eispéiris dhomhanda éagsúla a chur ar fáil trí chomhpháirtíochtaí, soghluaisteacht agus earcaíocht | 2.7 |

| Gníomhartha Straitéiseacha na hOllscoile | Gníomhartha Straitéiseacha na hInbhuanaitheachta |
|---|---|
| Bacainní ar ardoideachas agus lena linn a bhaint trí dhearadh uilíoch agus idirghabhálacha spriocdhírithe | 2.4 |
| Inbhuanaitheacht a leabú i ngach clár agus in eispéireas an champais | 2.1, 2.3, 5.2 |
| Nuálaíocht a dhéanamh i ndearadh an churaclaim agus i gconairí foghlama ar feadh an tsaoil i gcomhar le comhpháirtithe seachtracha | 1.5, 2.5, 2.7, 5.3, 9.7 |
| Cultúr comhchruthaithe agus réiteach fadhbanna coláistí a chothú | 4.2, 7.2, 8.1, 8.2, 9.1, 9.2, 9.6, 10.4 |
| Clár claochlaithe gnó a chur i bhfeidhm d'ollscoil ardfheidhmíochta | 4.4, 9.3, 10.2, 10.7 |
| Próisis agus samhlacha oibriúcháin a athbhreithniú agus a uasghrádú | 6.1, 6.2, 6.3, 7.1, 7.3 |
| Tógáil ar cheannaireacht inbhuanaitheachta agus muid ag dul chun cinn go huaillmhianach i dtreo neodracht charbóin | 1.2, 3.2, 3.1, 3.3, 3.4, 4.1, 4.2, 4.3, 4.4, 5.1, 5.4, 6.1, 8.4, 8.5, 10.1, 10.3, 10.6 |
| Ceannaireacht a fhorbairt san Ollscoil trí chéile agus tacú léi. | 2.2, 9.5 |



*Ní neart go cur le chéile*

**An Oifig Inbhunaitheachta, Ollscoil na Gaillimhe**
sustainability@universityofgalway.ie
www.universityofgalway.ie/sustainability

SDG AMBASSADOR

Buíochas speisialta leis an Ollamh Chaosheng Zhang as a ghrianghrafadóireacht den chathair agus den champas a roinnt.